2026/1858

27.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1858 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2110 ([1]), lenar bunaíodh Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA), agus sainordú tosaigh aige go dtí an 8 Lúnasa 2022.

(2) An 21 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2723 ([2]), lenar cuireadh síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 7 Lúnasa 2026.

(3) An 26 Meitheamh 2026, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh 3 mhí le sainordú EUAM RCA, go dtí an 7 Samhain 2026, chun go bhféadfar an t-athbhreithniú straitéiseach iomlánaíoch ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata agus ar EUAM RCA i bPoblacht na hAfraice Láir a thabhairt chun críche.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/2110 a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUAM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Is é EUR 23 276 887,05 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM RCA a chumhdach don tréimhse ón 1 Samhain 2024 go dtí an 7 Samhain 2026.';

(2) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

'Tiocfaidh deireadh le sainordú EUAM RCA an 7 Samhain 2026.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2110/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2723 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L, 2024/2723, 22.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2723/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE